Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Samhain 2025**
**(OR. en)**

**15672/25**

**ENV 1248**
**STATIS 91**
**ECO 51**
**FIN 1408**
**DELACT 176**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 19 Samhain 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 697 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE<br>maidir le feidhmiú na cumhachta chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh a thugtar don Choimisiún de bhun Rialachán (AE) Uimh. 691/2011 maidir le cuntais Eorpacha eacnamaíocha chomhshaoil |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 697 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 697 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 19.11.2025
COM(2025) 697 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**maidir le feidhmiú na cumhachta chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh a thugtar don Choimisiún de bhun Rialachán (AE) Uimh. 691/2011 maidir le cuntais Eorpacha eacnamaíocha chomhshaoil**

**(1) CÚLRA**

Le hAirteagal 3(3) agus 3(4) agus Airteagal 10 de Rialachán (AE) Uimh. 691/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 2011 maidir le cuntais Eorpacha eacnamaíocha chomhshaoil[1], tugtar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh. I gcomhréir le hAirteagal 9(2) den Rialachán sin, tugtar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh go ceann tréimhse 5 bliana ón 11 Lúnasa 2011. Déanfar an chumhacht sin a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí 5 bliana, ach amháin i gcás ina gcuirfidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin.

Ní mór don Choimisiún tuarascáil a tharraingt suas maidir leis an gcaoi ar fheidhmigh sé an chumhacht a tugadh dó tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh gach tréimhse 5 bliana. Chuir an Coimisiún an chéad tuarascáil isteach i mí na Samhna 2015[2] agus chuir sé an dara tuarascáil isteach i mí na Nollag 2020[3]. Rinneadh an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh a fhadú go huathoibríoch go ceann tréimhse 5 bliana tar éis gach ceann den dá thuarascáil, toisc nár chúlghair Parlaimint na hEorpa ná an Chomhairle í de bhun Airteagal 9(3).

Is í seo an tríú tuarascáil maidir leis an gcaoi ar fheidhmigh an Coimisiún an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh a thugtar dó le Rialachán (AE) Uimh. 691/2011. Cumhdaítear leis sin an tréimhse ó 2020 go 2025.

**(2) AN COIMISIÚN CUMHACHTAÍ TARMLIGTHE A FHEIDHMIÚ DE BHUN RIALACHÁN (AE) UIMH. 691/2011**

Ó bhí an tuarascáil dheireanach ann, a cuireadh isteach in 2020, ghlac an Coimisiún trí Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún.

- Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/125 ón gCoimisiún, leasaíodh Iarscríbhinní I go V a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 691/2011[4] mar a leagtar amach thíos.
    - o Liosta na dtruailleán aeir agus na míreanna tuairiscithe in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 691/2011, rinneadh é a nuashonrú

[1] IO L 192, 22.7.2011, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/691/oj.

[2] Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le feidhmiú na cumhachta chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh a thugtar don Choimisiún de bhun Rialachán (AE) Uimh. 691/2011 maidir le cuntais Eorpacha eacnamaíocha chomhshaoil, COM(2015) 577 final an 23 Samhain 2015.

[3] Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le feidhmiú na cumhachta chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh a thugtar don Choimisiún de bhun Rialachán (AE) Uimh. 691/2011 maidir le cuntais Eorpacha eacnamaíocha chomhshaoil, COM(2020) 776 final an 2 Nollaig 2020.

[4] Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/125 ón gCoimisiún an 19 Samhain 2021 lena leasaítear Iarscríbhinní I go V a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 691/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Cuntais Eorpacha Eacnamaíocha Chomhshaoil (IO L 20, 31.1.2022, lch. 40, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2022/125/oj).

chun é a thabhairt i gcomhréir leis na nithe seo a leanas: (i) liosta na ngás ceaptha teasa a thuairiscítear faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide; (ii) na treoirlínte maidir le fardail astaíochtaí faoin gCoinbhinsiún ar Thruailliú Aeir Trasteorann Fadraoin; agus (ii) na sainmhínithe a leagtar síos leis an Treoir um Uasteorainneacha Astaíochtaí Náisiúnta[5].

- o Chun freastal níos fearr ar an mbeartas aeráide, le hIarscríbhinn II ceanglaítear ar na Ballstáit anois miondealú a thabhairt ar ioncam cánach an rialtais ó Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais agus ó chánacha eile $CO_2$.

- o Scriosadh Táblaí C agus E in Iarscríbhinn III chun an t-ualach ar na Ballstáit a laghdú. Ní raibh gá a thuilleadh leis an bhfaisnéis sna táblaí sin chun comhiomláin an Aontais a tháirgeadh, ós rud é go raibh modh nua forbartha ag Eurostat bunaithe ar shonraí eile a bhí ar fáil go héasca.

- o In Iarscríbhinn IV maidir le cuntais ar chaiteachas i leith chosaint an chomhshaoil, déantar idirdhealú anois idir na cineálacha éagsúla gníomhairí eacnamaíocha seo a leanas: gníomhaíochtaí coimhdeacha corparáidí, corparáidí mar tháirgeoirí tánaisteacha agus mar shaintáirgeoirí, agus teaghlaigh mar thomhaltóirí.

- o Raon feidhme Iarscríbhinn V maidir le hearnáil na n-earraí agus na seirbhísí comhshaoil, leathnaíodh é ó sciar an gheilleagair arna mhargú go dtí an geilleagar iomlán.

- o Giorraíodh na sprioc-amanna tuairiscithe le haghaidh cuntais Eorpacha eacnamaíocha chomhshaoil chun na cuntais a dhéanamh níos úsáidí le haghaidh ceapadh beartas.

- Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/472 ón gCoimisiún[6], tugadh isteach an ceanglas maidir le haicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha (NACE) Ath.2.1 a úsáid agus cuntais chomhshaoil á dtarchur agus leasaíodh Rialachán (AE) Uimh. 691/2011 chun na ceanglais maidir le tarchur sonraí a nuashonrú ó NACE Ath.2 go NACE Ath.2.1 (an nuashonrú is déanaí) le haghaidh na nIarscríbhinní lena mbaineann.

---

[5] Treoir (AE) 2016/2284 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2016 maidir le hastaíochtaí náisiúnta truailleán áirithe san aer a laghdú, lena leasaítear Treoir 2003/35/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/81/CE (IO L 344, 17.12.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2016/2284/oj).

[6] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/472 ón gCoimisiún an 2 Meán Fómhair 2024 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 691/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le tagairtí d'aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíochta a bhunaítear le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L, 2025/472, 11.3.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/472/oj).

- Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1131 ón gCoimisiún[7], áiríodh infheistíochtaí um maolú ar an athrú aeráide sna cuntais Eorpacha chomhshaoil agus tugadh isteach aicmiú staidrimh chun críoch comhshaoil.

  Tá sonraí maidir le maolú ar an athrú aeráide, lena n-áirítear infheistíochtaí gaolmhara, fíor-riachtanach chun cuspóir na haeráidneodrachta a bhaint amach san Aontas faoi 2050. Dá bhrí sin, cuireadh saintréithe a bhaineann le hinfheistíochtaí eile um maolú ar an athrú aeráide san áireamh sna cuntais Eorpacha chomhshaoil. Cumhdaítear gach earnáil agus gníomhaíocht eacnamaíoch leis na sonraí. Le hAirteagal 10 de Rialachán (AE) Uimh. 691/2011 arna leasú le Rialachán (AE) 2024/3024, ceanglaítear go sonrach ar an gCoimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh.

  De bhun Airteagal 3(3) de Rialachán (AE) Uimh. 691/2011, leis an Rialachán Tarmligthe céanna ón gCoimisiún cuireadh aicmiú staidrimh chun críoch comhshaoil in ionad an tseanaicmithe ar ghníomhaíochtaí caomhnaithe comhshaoil. Tá an t-aicmiú nua sin le cur i bhfeidhm maidir le hIarscríbhinní IV, V agus VIII. Le hAirteagal 3(3) cumhachtaítear an Coimisiún le gníomhartha tarmligthe a ghlacadh nuair is gá Iarscríbhinn a nuashonrú chun forbairtí comhshaoil, eacnamaíocha agus teicniúla a chur san áireamh.

Is éard atá sna rialacháin sin uile nuashonruithe teicniúla ar athróga, aicmithe staidrimh agus táblaí tuairiscithe a leagtar síos leis an Rialachán. Bhí gá leis na nuashonruithe chun freastal ar riachtanais faisnéise an Aontais maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip nó chun iad a ailíniú le caighdeáin staidrimh nua, e.g. a mhéid a bhaineann le haicmithe.

Le linn na hoibre ullmhúcháin le haghaidh na Rialachán Tarmligthe thuasluaite uile ón gCoimisiún, rinneadh comhairliúcháin iomchuí, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe. Chuathas i gcomhairle le meitheal Eurostat um chuntais chomhshaoil agus meitheal Eurostat um chuntais agus staidreamh airgeadaíochta comhshaoil i gcruinnithe i mí na Bealtaine 2021, 2022, 2023 agus 2024. Chuathas i gcomhairle le grúpa saineolaithe na Stiúrthóirí staidrimh agus cuntas earnála agus comhshaoil i mí Dheireadh Fómhair 2021, 2022, 2023 agus 2024. Cuireadh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas go cuí.

D’fhéadfadh sé go mbeadh ar an gCoimisiún leanúint de na cumhachtaí a thugtar dó le hAirteagal 3(3) agus 3(4) agus le hAirteagal 10 a úsáid go luath amach anseo chun foráil níos fearr a dhéanamh maidir le riachtanais sonraí bheartais an Aontais atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo.

[7] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1131 ón gCoimisiún an 26 Márta 2025 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 691/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hinfheistíochtaí i dtaca le maolú ar an athrú aeráide agus lena dtugtar isteach aicmiú críoch comhshaoil (IO L, 2025/1131, 4.6.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/1131/oj).

## (3) CONCLÚIDÍ

D’fheidhmigh an Coimisiún a chumhachtaí tarmligthe i gceart agus iarrann sé ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle an tuarascáil seo a thabhairt dá n-aire.

Measann an Coimisiún gur cheart na cumhachtaí a thugtar dó le Rialachán (AE) Uimh. 691/2011 a bheith aige go fóill, toisc go bhféadfadh sé go mbeadh air gníomhartha tarmligthe a ghlacadh amach anseo chun dul chun cinn i modheolaíochtaí staidrimh a chur san áireamh agus chun na tosaíochtaí a choigeartú chun freastal ar riachtanais nua maidir le faisnéis faoin gcomhshaol.